

# Buntáiste Breise na Gaeilge!

Ceatharlach

Seimineár Eolais do  
Dhaltaí Iar-Bhunscoile

Déardaoin  
24 Márta 2011



## CLÁR

**09.20 Fáiltiú agus Clárú**

**10.00 Cur i láthair ó na hAoichainteoirí**

**11:05 Glacfaidh na hAoichainteoirí le ceisteanna ó dhaltaí scoile**

**11:45 Duaiseanna á mbronnadh / Bileoga Aiseolais**

**12:00 Am do na daltaí chun cuairt a thabhairt ar na seastáin**

**12:30 Críoch**



Urraithe ag



Foras na Gaeilge

---

### **Kevin De Barra, Cathaoirleach**

Is as An Spidéal, i gConamara é Kevin De Barra. D'fhreastail sé ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh áit ar bhain sé Céim Tráchtála agus Máistreacht sa Mhargaíocht amach, chomh maith le Diplóma sa Ghaeilge, agus Diplóma i Staidéar an Aistriúcháin.

Le déanaí tá Máistreacht sa Ghaeilge Fheidhmeach bainte amach ag Kevin. Oibríonn sé mar Bhainisteoir Margaíochta agus Cumarsáide Poiblí le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge.



### **Emma Whitmore**

Rugadh agus tógadh Emma i gCeatharlach agus d'fhreastail sí ar Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc agus ar Ghaelcholáiste Cheatharlach sa bhaile. Bhain sí céim Cumarsáide amach ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, áit a bhí sí páirteach sa chumann Gaelach agus ansin bhain sí Diplóma sa Ghaeilge amach le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉ, Gaillimh.

Thosaigh sí ag obair mar thaighdeoir, láithreoir agus léiritheoir le KCLR 96fm, stáisiún raidió áitiúil agus ansin bhog sí isteach san iriseoireacht ag obair mar iriseoir le nuachtáin áitiúla i gCill Dara.

Thosaigh sí ina post mar Oifigeach Forbartha Gaeilge in 2008. Mar Oifigeach Forbartha Gaeilge tá Emma an-ghníomhach i gCeatharlach ag cur na Gaeilge chun cinn agus ag réachtáil imeachtaí Gaeilge sa phobal.



## Traic Ó Braonáin

Is as Baile Átha Cliath de Thraic, ach tá cónaí ar i Muileann Cearn anois, tar éis seal a chaitheamh ag cónaí i nGaeltacht Ráth Chairn chomh maith. Is Cathaoirleach é ar Raidió RíRá le dhá bhliain anuas, agus d'oibrigh sé mar Leas-Chathaoirleach roimhe sin. Tá sé ag craoladh ar Raidió na Life ó 1995, áit a chur sé neart chlár éagsúla i láthair. Caith sé seal ar Anna Livia, agus tá sé i mbun oibre le East Coast FM faoi láthair.



Ar bharr seo, is bainisteoir é Traic ar an tseirbhís is mó don óige trí mheán na Gaeilge sa tír, Cumann na bhFiann. Sa tseirbhís seo, tá gréasán de Clubanna Óige náisiúnta mar aon le himeachtaí, agus ionad nua don óige i nDroim Rí, Co. na Mí. Tá ceangal aige chomh maith leis an bhFhéile ‘Seachtain na Gaeilge’ agus é mar stiúrthóir ann le ceithre bliana anuas. Is ceoltóir é Traic, agus tá a dhlúthdhiosca féin léirithe aige, mar aon le bheith ag canadh ar an singil nua do “Rith 2010”.

## Mhairéad Ní Mhurchú

Is as Dún Aill i gCo. Phort Láirge do Mhairéad Ní Mhurchú. Fuair sí a cuid scolaíochta i mbunscoil Dún Aill agus ina dhiaidh sin i Meánscoil Mhuire na Trócaire i gcathair Phort Láirge. Bhain sí céim amach sa Ghaeilge agus sa Fhraincis in Ollscoil na hÉireann, Corcaigh mar aon le MA sa Nua-Ghaeilge sular thug sí faoin Ard Dioplóma i Léiriú Teilifíse san Institiúid Teicneolaíochta i bPort Láirge, lonnaithe i Nemeton TV i nGaeltacht na Rinne, Co. Phort Láirge.



Is ansin atá sí ag obair ó shin – thosaigh sí mar thaighdeoir agus cúntóir léirithe ar chlár bheo agus clár faisnéise spóirt agus le dhá bhliain anuas tá sí ag obair mar léiritheoir sraithe agus stiúrthóir ar Laochra Gael agus clár eile spóirt.

## Eibhlín de Paor

Tógadh Eibhlín de Paor sa tSean-Phobal i nGaeltacht na nDéise, i gCo. Phort Láirge agus d'fhreastail sí ar an mbunscoil agus ar an meánscoil áitiúil. Bhain sí céim B.A. amach i Nua-Ghaeilge agus i gceol agus ansin M.A. sa Nua-Ghaeilge, in Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad. Ina dhiaidh sin, bhain sí Teastas sa Chleachtas Dátheangach amach le Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.



D'oibrigh sí mar Oifigeach Cultúir i gCiarraí Theas ar feadh roinnt bliana agus chaith sí tréimhse ag obair mar Iriseoir i Seomra Nuachta TG4 agus R.T.É. agus mar chomhláithreoir ar an gcéad sraith de Gheantraí ar TG4.

Is Áisitheoir Ealaíon í Eibhlín i réigiún na Mumhan, le hEalaín na Gaeltachta. fochomhlacht de chuid Údarás na Gaeltachta a cuireadh ar bun i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon ar mhaithe leis na healaíon sa Ghaeltacht.

# Buntáiste Breise na Gaeilge ar Chamchuart timpeall na tíre:



Faigh do nuacht ar line le [www.GAELPORT.com](http://www.GAELPORT.com)

Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge

Forsa na Gaeilge

AN fáinne

Léirigh do nasc leis an nGaeilge

[www.fainne.ie](http://www.fainne.ie)